

An Chlann agus Gaolta – Abairtí

Treoracha agus moltaí

Seo gníomhaíocht is féidir a úsáid nuair atá stór focal a bhaineann le clann agus gaolta curtha i láthair na bhfoghlaimoirí. Tugtar deis do na foghlaimoirí na focail a chur in abairtí le linn na gníomhaíochta.

Treoracha

1. Cuir na foghlaimoirí i ngrúpaí ar dtús chun ransú intinne a dhéanamh ar na focail ar fad atá ar eolas acu faoi chúrsaí clainne agus gaolta. Is féidir na focail ar fad a bhailíonn siad a chur ar an gclár agus iad a rangú de réir cinn atá ar eolas go maith acu, cinn a raibh siad in ann buille faoi thuairim a thabhairt fúthu agus cinn atá iomlán nua. Cinntigh go bhfuil na cinn seo curtha ina láthair: col ceathrar, seanathair, seanmháthair, seanaintín, seanuncail, sin-seanathair, garmhac, gariníon, máthair chéile, deartháir céile.
2. Scaip an bhileog agus cuir ag obair i mbeirteanna iad. Caithfidh siad an méid abairtí agus is féidir a chumadh bunaithe ar an léaráid agus ag baint úsáide as na focail a phléigh siad.

Beidh dhá struchtúr á n-úsáid acu:

- Is é X athair Y.
- Is col ceathracha iad X agus Y.


Samplaí:

Is é Cóilín sin-seanathair Eimear / Is é Seán athair Aoife.
Is deirfiúracha iad Áine agus Deirdre.
Is col ceathracha iad Áine agus Sadhbh.

Moltaí

- Ag brath ar leibhéal teanga na bhfoghlaimoirí, is féidir an ghníomhaíocht seo a leanúint le hiarphlé ar ghaolta. Sampla: an gaol is minice a fheiceann tú; an gaol is mó a thaitníonn le do pháistí; gaolta agus an Nollaig etc.
- Is féidir comórtas a eagrú – an méid abairtí agus is féidir a chumadh laistigh de theorainn ama.

Gaolta



Cé mhéad abairt is féidir leat a chumadh bunaithe ar an léaráid thuas agus na focail a phléigh tú?

Sampla:

Is é Cólín sin-seanathair Eimear.
Is col ceathracha iad Aoife agus Colm.